Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Clár Taighde Thuaidh Theas

# GNÍOMHAÍOCHAS, AN GHAEILGE AGUS NA MEÁIN




## COMHDHÁIL

**12-13 Aibreán 2024**

**Oíche Oscailte (12 Aib), 17:00**
THB-G010
Foirgneamh Hardiman
Ollscoil na Gaillimhe

**Lá na Comhdhála (13 Aib), 09:00-17:15**
Áras na Gaeilge
Ollscoil na Gaillimhe

CLÁRAIGH ANSEO:
https://forms.office.com/e/W35LcYzm2y


Saorchead isteach

#MeáinÉireannCnaG

#meáin2024

GNÍOMHAÍOCHAS, AN GHAEILGE, AGUS NA MEÁIN - Comhdháil- Ollscoil na Gaillimhe, 12-13 Aibreán

OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY



COMHDHÁIL: #MeáinÉireannCnaG #meáin2024

# *Gníomhaíochas, an Ghaeilge agus na Meáin*

**Ollscoil na Gaillimhe**:

12-13 Aibreán 2024

Ó bunaíodh Conradh na Gaeilge, breis agus 130 bliain ó shin, anuas go dtí ár linn féin, tá ról lárnach na meán cumarsáide le tabhairt faoi deara i ngníomhaíochas na teanga. Mar chuid den tionscadal CARTLANN - comhthionscadal idir Ollscoil na Gaillimhe agus Ollscoil Uladh atá á mhaoiniú ag an Údarás um Ard-Oideachas faoin gClár Taighde Thuaidh-Theas - beidh an chomhdháil *GNÍOMHAÍOCHAS, AN GHAEILGE AGUS NA MEÁIN* á reáchtáil in Ollscoil na Gaillimhe ar an 12-13 Aibreán 2024. Díríonn an chomhdháil seo ar an earraíocht a bhain grúpaí éagsúla pobail, chomh maith le gníomhaithe teanga, as na meáin chumarsáide mar ardán chun eolas a scaipeadh agus mar ábhar feachtasaíochta.

Tugann an chomhdháil suntas do ról na meán (idir theilifís, raidió, nuachtáin agus na meáin dhigiteachta) i saol phobal na Gaeilge agus i saol mhuintir na Gaeltachta ach go háirithe. Chuige sin, pléitear stair na bhfeachtas craolacháin san fhichiú aois, an nasc idir na meáin agus stádas na Gaeilge sa tsochaí, chomh maith le téamaí ábhartha eile a bhaineann le cúrsaí pobail, teanga agus cultúir.

Tá fáilte roimh chách freastal, go háirithe lucht léinn na Gaeilge, na staire agus na meán, agus pobal na Gaeilge i gcoitinne.

Dréacht (sealadach) de chlár na comhdhála faoi iamh.

**Fáilte roimh chách.** **Cláraigh anseo:** https://forms.office.com/e/W35LcYzm2y

## Dé Aoine 12 Aibreán: G010 - Foirgneamh Hardiman

**17:00** Fáiltiú - Cuairt ar Chartlann Chonradh na Gaeilge i Seomra na mBailiúchán Speisialta maille le caint ó Niamh Ní Charra (Cartlannaí)

**17:45-18:00** OSCAILT OIFIGIÚIL Alan Esslemont (Ard-stiúrthóir TG4)

**18:00-19:00** **EOCHAIRCHAINT #1**

**Regina Uí Chollatáin:**

'Todhchaí nó tórramh na meán Gaeilge? Tuar dóchais i roghanna pinn agus teanga.'

**19:00** Sos (Fáiltiú fíona)

**19:30** **Seoladh Leabhair:**

*Gaeil agus Géibheann: Cimí Poblachtánacha agus an Ghaeilge* le hEoghan Mac Cormaic, le seoladh ag Íte Ní Chionnaith (Iar-Uachtarán Chonradh na Gaeilge).

---

## Dé Sathairn 13 Aibreán – Áras na Gaeilge.

**9.00 – 9:30** **Clárú le Bricfeasta**

**09:30-11:15:** **PAINÉAL 1- baill den tionscadal CARTLANN**

**Colm Mac Gearailt:**
"CHUIGE SEO ATÁIMÍD" 'Feachtais Chonradh na Gaeilge ar son teilifís Ghaeilge sna 1970idí is sna 1980idí.'

**Hugh Rowland:**
'An t-Aighneas idir an LFM agus RTÉ sna 1960idí: Léargas ón gCartlann.'

**Niall Comer:**
'"Ag fógairt fáin ar Ghallaibh"- Comhaltas Uladh agus na meáin Bhéarla.'

**Dubhán Ó Longáin:**
"Rinncí gallda" agus "Spiorad na Gaedhilge": Teanga, Gaelachas, agus Éireannachas in An tUltach

**11:15-11:30** **CAIFÉ**

**11:30-12:30** **PAINÉAL CAINTE agus Cuimhní Cinn: Gníomhaíochas teanga agus an fheachtasaíocht chraolacháin ó na 1970idí ar aghaidh.**

**Ciarán Ó Feinneadha** (Feachtas Náisiúnta Teilifíse, FREAGRA,...)

**Íte Ní Chionnaith** (Iar-Uachtarán an Chonartha/ Urlabhraí Teilifíse an Chonartha sna 1980idí)

**Breandán Mac Gearailt** (Cumann Cearta Sibhialta Ghaeltacht Chorca Dhuibhne; Údarás na Gaeltachta)

**Norita Ní Chartúir** (Feidhmeannach Cumarsáide in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge/ Iar-chraoltóir de chuid RTÉ Raidió na Gaeltachta) - (Áisitheoir):

**12:30:-13:30** **EOCHAIRCHAINT #2** **Rosemary Day**

'An Ghaeilge agus na Meáin: Teanga, Tionchar, Todhchaí'

**13:30- 14:30** **LÓN**

**14:30- 15:45** **Painéal 3**

**Dónall Ó Braonáin:**
'Reg Hindley, Breandán Ó hEithir agus a gcuid tuartha teangeolaíochta: foinsí, cartlanna, fráma tagartha'

**Aoife Whelan:**
'Saothrú na nua-litríochta san *Irish Independent*'

**Dorothy Ní Uigín:**
'Conradh na Gaeilge, Glún na Buaidhe agus *Inniu*'

**15:45-16:00** **CAIFÉ**

**16:00-17:15** **Painéal 4**

**Aodh Ó Coileáin:**
'¡Dejadme retornar! Spreagadh cartlainne? Amharclannaíocht, scannánaíocht, sciuird chun na Spáinne.'

**Síobhra Aiken:**
'Na meáin agus gluaiseacht na Gaeilge i Meiriceá'

**Iarfhlaith Watson:**
'An fhéiniúlacht, an duine aonair agus an réimse poiblí: ról na meán.'

**17:15: FOCAL SCOIR.**

**18.30 Dinnéar na gcainteoirí**